



AN DAONLATHAS A CHUR CHUN CINN AGUS BREATHNÓIREACHT TOGHCHÁN

Is tosaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh an daonlathas a chur chun cinn ar fud na cruinne. Is é an daonlathas an t-aon chóras rialaithe go fóill inar féidir le daoine a gcearta daonna a fheidhmiú ina n-iomláine, agus is gné chinntitheach é ó thaobh na forbartha agus cobhsaíocht fhadtéarmach de. Agus í ar an aon institiúid de chuid AE a thoghtar go díreach, tá tiomantas ar leith ag Parlaimint na hEorpa do chur chun cinn an daonlathais.

AN BUNÚS DLÍ

- Airteagail 2 agus 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE);
- Airteagal 205 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

AN CREAT BEARTAIS AGUS UIRLISÍ BEARTAIS

Déanann cur chuige AE i leith an daonlathais comhlánú ar an obair a dhéanann sé maidir le cearta an duine (féach bileog eolais [5.4.1](#)). Tá sé bunaithe ar Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus ar chaighdeáin idirnáisiúnta agus réigiúnacha eile maidir le cearta an duine, institiúidí daonlathacha agus toghcháin. Ó 2015 i leith, tá AE ag bunú a chuid tacaíochta don daonlathas ar Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, go háirithe sprioc 16 maidir le hinstitiúidí cuntasacha agus cinnteoireacht chuimsitheach a mbeidh daoine rannpháirteach inti, agus sprioc 10 maidir leis an éagothroime a laghdú.

An 17 Samhain 2009, ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le Tacaíocht don Daonlathas i gCaidreamh Seachtrach AE, inar leagadh amach creatlach do straitéis nua chun tacú leis an daonlathas trí chur chuige tírshonrach, níos mó comhleanúnachais agus rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí go léir. Ina dhiaidh sin, sa Chlár Oibre don Athrú ón gCoimisiún in 2011, tarraingíodh aird ar an tábhacht a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do chearta an duine, don daonlathas agus don dea-rialú laistigh de bheartas forbartha an Aontais. Tar éis Éirí Amach na nArabach in 2011, rinne AE nuashonrú ar Bheartas Comharsanachta na hEorpa chun cur chuige ‘tuilleann breis tuilleadh’ a ghlacadh, ina gceanglaítear tacaíocht leis an aistriú chuig an daonlathas agus leis an ‘daonlathas domhain’. Tairgeadh dreasaí — lena n-áirítear comhtháthú eacnamaíoch níos doimhne, cúnamh airgeadais níos mó, soghluaisteacht níos fearr do dhaoine agus rochtain ar mhargadh inmheánach AE — do na tíortha sin a bhí toilteanach athchóirithe polaitiúla a dhéanamh.



Athdhearbháíodh tiomantas AE do dhlús a chur faoina iarrachtaí an daonlathas a chur chun cinn i gCreat Straitéiseach agus Plean Gníomhaíochta AE maidir le Cearta an Duine agus maidir leis an Daonlathas a ghlac an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha in 2012. Sa Plean Gníomhaíochta, bhí plean i gcomhair obair leantach níos córasaí i ndiaidh tuarascálacha ó mhisin breathnóireachta toghchán AE ([EOManna](#)), ionas go dtacófar leis an timthriall toghcháin ina hiomláine. Tá an Plean Gníomhaíochta don tréimhse 2015-2019, a glacadh i mí Iúil 2015, dírithe ar thacaíocht don daonlathas a phríomhshruthú thar roinnt cuspóirí. Tá Plean Gníomhaíochta 2020-2024 á chur le chéile faoi láthair.

Leag an Chomhairle béim ar ról na sochaí sibhialta ina conclúidí dar teideal 'Fréamhacha an daonlathais agus na forbartha inbhuanaithe: Rannpháirtíocht na hEorpa leis an tsochaí sibhialta i gcaidrimh sheachtracha'. I gconclúidí an 19 Meitheamh 2017 ón gComhairle maidir le rannpháirtíocht AE sa tsochaí sibhialta ó thaobh an chaidrimh sheachtraigh de, rinneadh athdhearbhú ar thiomantas AE i leith sochaí sibhialta atá cumhachtaithe agus a bhfuil teacht aniar inti mar bhealach tábhachtach chun tacú leis an dea-rialachas agus an smacht reachta in aon daonlathas.

Tugann roinnt gnéithe de bheartas AE, a bhfuil forbairt déanta air le himeacht ama, aghaidh ar chearta an duine agus ar phrionsabail dhaonlathacha araon. Ina measc tá straitéisí tírshonracha maidir le cearta an duine agus an daonlathas, ina sainítear na tosaíochtaí gníomhaíochta agus na cuspóirí a bheidh ag AE i dtíortha comhpháirtíochta; na forálacha maidir le cearta an duine agus an daonlathas i gcomhaontuithe idirnáisiúnta, lena féidir le AE trádáil nó comhar a chur ar fionraí má dhéanann tír sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus ar phrionsabail dhaonlathacha; agus an Ionstraim Eorpach i gcomhair Daonlathais agus Chearta an Duine (EIDHR), ionstraim cistiúcháin straitéisigh (féach thíos).

Is uirlis lárnach de chuid AE í an bhreathnóireacht toghchán chun tacú le forbairtí daonlathacha i dtíortha, cearta an duine agus an smacht reachta a chur chun cinn, agus rannchuidiú le cothú na síochána agus le coinbhleachtaí a chosc. Déanann misin breathnóireachta toghchán fhadtéarmacha AE measúnú ar imeachtaí a thiteann amach i rith an phróisis toghcháin. Go hiondúil, cuireann breathnóirí fadtéarmacha tús leis an mbreathnóireacht dhá mhí roimh na toghcháin agus leanann siad an próiseas toghcháin ina iomláine go dtí fógairt na dtorthaí oifigiúla agus an nós imeachta achomhairc. Déanann breathnóirí gearrhéarmacha faireachán ar an lá vótála agus ar theailí na vótaí. Is iondúil gur Feisire de Pharlaimint na hEorpa an príomhbhreathnóir. Tar éis an mhisin, foilsíonn an misean breathnóireachta toghchán tuarascáil chríochnaitheach ina bhfuil na conclúidí agus moltaí, a thugann treoir maidir le hathchóiriú toghcháin agus an cúnamh a d'fhéadfadh AE a chur ar fáil san am atá le teacht. Sa bhreis ar bhreathnóireacht toghchán, is féidir le AE cúnamh teicniúil agus ábharach toghcháin a chur ar fáil do thíortha comhpháirtíochta, rud a chuireann feabhas ar na dálaí le haghaidh toghcháin dhaonlathacha, a mhéadaíonn acmhainneacht na ngníomhairí stáit agus neamhstáit, agus a thacaíonn leis na hathchóirithe a bhfuil gá leo, agus an timthriall toghcháin ina hiomláine á cur san áireamh.

I mí Dheireadh Fómhair 2019, ghlac an Chomhairle conclúidí maidir leis an daonlathas ina ndéantar athdhearbhú ar phrionsabail na gconclúidí a tháinig uaithe in 2009, agus



ina sainaitnítear dúshlán nua nach mór do AE dul i ngleic leo go práinneach agus go cuimsitheach trí ghníomhaíocht sheachtrach. I measc na ndúshlán sin tá an bonn a bheith á bhaint de phróisis dhaonlathacha agus d'institiúidí daonlathacha; easpa muiníne in institiúidí agus i bpolaiteoirí; an spás daonlathach don tsochaí shibhialta a bheith ag dul i laghad; sárúithe ar chearta an duine agus ar shaoirsí bunúsacha a bheith ag dul i méid; agus cúbláil trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí ar líne.

IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS

Is é príomhchúram na hIonstraime Eorpaí i gcomhair Daonlathais agus Chearta an Duine (EIDHR) ná tacú le cearta an duine, le hathchóiriú daonlathach agus le rannpháirtíocht agus ionadaíocht pholaitiúil. Ceapadh EIDHR go sonrach i gcomhair na spriocanna sin agus déanann sé maoiniú ar thionscadail, ar chláir agus ar mhisin breathnóireachta toghchán AE, agus bronnann sé deontais ar eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta, ar eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ar chosantóirí chearta an duine.

Cuireann an Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht (ENI) cúnamh airgeadais ar fáil chun an smacht reachta, idirphlé polaitiúil agus athchóirithe polaitiúla, an daonlathú, iolrachas sna meáin agus breathnóireacht toghchán a chur chun cinn. Tá gníomhaithe ón tsochaí shibhialta i gcomharsanacht theas agus thoir an Aontais incháilithe do chistiú ón tSaoráid Chomharsanachta um Shochaí Shibhialta le haghaidh tionscadal, líonraí, oiliúna agus malartuithe dea-chleachtais.

Cuireann an Ionstraim Airgeadais le haghaidh Comhar um Fhorbairt (DCI) tacaíocht airgeadais ar fáil freisin. Cé gurb é príomhchuspóir DCI an bhochtaineacht a dhíothú, tá sé mar aidhm leis freisin an daonlathas a dhaingniú agus tacaíocht a thabhairt dó i dtíortha i mbéal forbartha.

Is féidir úsáid a bhaint as Ionstraim AE lena gcuirtear le Cobhsaíocht agus le Síocháin (IcSP) i roinnt cúinsí chun tacú le hinstiúidí daonlathacha agus leis an tsochaí shibhialta.

Déanann an Ciste Eorpach Forbraíochta (EDF) — a oibríonn lasmuigh de bhuiséad AE ach a mbainistíonn Coimisiún AE é — maoiniú ar chomhar le tíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéin Chiúin. Fearacht DCI, tá EDF dírithe ar dhíothú na bochtaineachta, ach úsáidtear é freisin chun rannchuidiú le daingniú an daonlathais, an smachta reachta agus an rialaithe mhaith agus le tacaíocht lena n-aghaidh.

In 2018, thíolaic an Coimisiún a thogra i gcomhair na n-ionstraimí ionstraimí maoinithe sheachtraigh don tréimhse 2021-2027, lena ndéanfaí EIDHR, IEC, ICF, IcSP agus CEF a chumasc in aon rialachán amháin. An 27 Márta 2019, [ghlac](#) an Pharlaimint a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra, lenar neartaíodh na tagairtí don tacaíocht don daonlathas mar chuspóir de chuid chúnamh seachtrach AE agus lenar éilíodh go mbeadh imchlúdach airgeadais níos mó ann don chlár téamach maidir le cearta an duine agus an daonlathas. Tá an chaibidlíocht idir na hinstiúidí fós [ar siúl](#).

In 2012, bunaíodh an Dearlaic Eorpach i gcomhair Daonlathais. Oibríonn an Dearlaic ar bhonn neamhspleách mar fhondúireacht dlí phríobháidigh agus tá sé mar aidhm leis tacú le gníomhaithe polaitiúla agus gníomhaithe ón tsochaí shibhialta a bhíonn ag dréim le hathrú daonlathach trí chúnamh airgeadais saincheaptha a chur ar fáil ar bhealach



tapa, solúbtha agus neamh-mhaorlathach, agus é dírithe ar chomharsanachtaí thoir agus theas an Aontais. Ar chomhaltaí a bhoird rialaithe tá ionadaithe ó Bhallstáit agus institiúidí AE, lena n-áirítear suas le naonúr Feisirí Eorpacha, chomh maith le saineolaithe eile.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá Parlaimint na hEorpa, arb í an t-aon institiúid Eorpach a dtoghann saoránaigh AE go díreach í, tiomanta go mór do chórais dhaonlathacha inbhuanaithe a chur chun cinn ar fud an domhain. Tá aird tarraingthe aici ar an tiomantas sin i roinnt rún. Gach bliain, glacann an Pharlaimint rún maidir le cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus maidir le beartas AE i leith an ábhair, ina ndéantar anailís ar na príomhdhúshláin agus na rudaí is mó atá bainte amach i dtaca le cur chuige AE i leith na tacaíochta don daonlathas, agus déantar moltaí ann don am atá le teacht.

Tá réimse uirlisí forbartha ag an bParlaimint ar mhaithe le páirt éifeachtach a ghlacadh sa [tacaíocht don daonlathas domhanda](#). Bíonn an Pharlaimint i mbun gníomhaíochtaí breathnóireachta toghchán go leanúnach, agus í ag obair chun dlisteanacht próiseas toghcháin náisiúnta a neartú agus muinín an phobail i gcosaint toghchán agus chearta an duine a mhéadú. Cuireann sí roinnt toscaireachtaí parlaiminteacha chuig tríú tíortha gach bliain chun breathnóireacht a dhéanamh ar thoghcháin nó ar reifrinn. Féadfaidh an Pharlaimint cinneadh a dhéanamh na toscaireachtaí sin ar a bhfuil Feisirí de Parlaimint na hEorpa a sheoladh ar choinníoll gur toghcháin náisiúnta atá ann, go bhfuil cuireadh faighte ag AE nó ag Parlaimint na hEorpa ó na húdaráis náisiúnta, agus go bhfuil misean fadtéarmach ann. Déantar toscaireachtaí parlaiminteacha a chomhtháthú i gcónaí i misin breathnóireachta toghchán AE nó i misin fhadtéarmacha Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine (ODIHR) na hEagraíochta um Shláindáil agus Comhar san Eoraip (OSCE). Téitear i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir le roghnú agus pleanáil mhisin breathnóireachta toghchán AE agus maidir leis an obair leantach ina ndiaidh.

Agus a Cur Chuige Cuimsitheach i leith na Tacaíochta don Daonlathas mar threoir aici, nascann an Pharlaimint an bhreathnóireacht toghchán le gníomhaíochtaí comhlántacha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí réamhthoghcháin agus obair leantach iarthoghcháin, gníomhaíochtaí ar son chearta an duine, agus tograí chun tacú le hobair parlaiminteach. Díritear go speisialta ar thíortha is iarrthóirí nó is iarrthóirí ionchasacha in Oirdheisceart na hEorpa agus Comharsanacht na hEorpa. Cuidíonn Parlaimint na hEorpa le parlaimintí lasmuigh de theorainneacha AE chun a n-acmhainneacht institiúideach a neartú trí chomhdhálacha agus seimineáir, comhchláir oiliúna agus cuairteanna staidéir do chomhaltaí agus d'oifigigh, chomh maith le comhaltachtaí do bhaill foirne parlaimintí tríú tíortha. Tacaíonn sé le parlaimintí comhpháirtíochta chun cearta an duine a phríomhshruthú sa reachtaíocht agus chun nascadh leis an tsochaí shibhialta. Éascaíonn an Pharlaimint an fothú acmhainneachta do ghníomhairí an athraithe dhaonlathaigh, lena n-áirítear cosantóirí chearta an duine, agus cuireann sí saoirse na meán agus an iriseoireacht neamhspleách chun cinn. Tá [Duais Sakharov um Shaoirse Smaointeoireachta](#) de chuid na Parlaiminte agus gníomhaíochtaí phobal buaiteoirí Dhuais Sakharov comhtháite sa chur chuige sin. Ceapadh clár Simone Veil go sonrath chun tacú le polaiteoirí agus parlaiminteoirí ar mná iad. Cuireann an



Pharlaimint tacaíocht agus saineolas ar fáil chomh maith i réimse na hidirghabhála agus an idirphlé, trí ghníomhaíochtaí spriocdhírithe le parlaimintí comhpháirteacha agus imeachtaí idirnáisiúnta atá dírithe ar idirghabháil agus ar choinbhleachtaí a chosc. Tá an [Clár do Cheannairí Polaitiúla Óga](#) ar cheann de na tionscnaimh shuaitheanta a ceapadh chun idirphlé agus tuiscint a chur chun cinn i measc na gceannairí a bheidh ann amach anseo lasmuigh den Aontas, agus, ar an gcaoi sin, rannchuidíonn sé le muinín agus síocháin a chothú. Sa [rún](#) ó Pharlaimint na hEorpa maidir le hacmhainneacht AE a fhothú maidir le coibhneachtaí a chosc agus idirghabháil a dhéanamh iontu, a glacadh i mí an Mhárta 2019, aithnítear a thábhachtaí atá na próisis idirghabhála agus idirphlé agus ról na Parlaiminte iontu.

Tugann an Grúpa Tacaíochta Daonlathais agus Comhordaithe Toghchán (DEG) treoir pholaitiúil i leith ghníomhaíochtaí éagsúla na Parlaiminte. Tá 16 Fheisire de Pharlaimint na hEorpa sa ghrúpa agus tá cathaoirligh an Choiste um Ghnóthaí Eachtracha agus an Choiste um Fhorbairt sa Pharlaimint ina gcomhchathaoirligh air. Déanann DEG cinneadh faoi mhisin breathnóireachta toghcháin Pharlaimint na hEorpa agus glacann sé [clár oibre bliantúil](#) le haghaidh na ngníomhaíochtaí eile. In 2020, athdhearbhaíodh go gcuirfí gníomhaíochtaí tacaíochta feabhsaithe daonlathais i bhfeidhm i sé thír nó réigiún, is iad sin ná an Úcráin, an tSeoirsia, an Mholdóiv, an Túinéis, na Balcáin Thiar (mar réigiún tosaíochta), agus an Pharlaimint Phan-Afracach (mar pharlaimint réigiúnach tosaíochta).

Marika Lerch
09/2020

